**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0025/2021**

8.3.2021

# TUARASCÁIL

ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE, maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála, agus Threoir 2009/43/CE, maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint
(2019/2204(INI))

An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

Rapóirtéir: Andreas Schwab

PR_INI_ImplReport

## CLÁR

**Leathanach**

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR FHIONNACHTANA .3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................9

TUAIRIM ÓN gCOISTE um GHNÓTHAÍ EACHTRACHA: ................................................18

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................25

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................26

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........27

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN - ACHOIMRE AR FHÍORAIS AGUS AR FHIONNACHTANA

**Nós imeachta agus foinsí**

An 6 Samhain 2019, leagadh mar chúram ar an rapóirtéir tuarascáil a ullmhú ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, soláthair agus seirbhíse ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimsí na cosanta agus na slándála (dá ngairtear an 'Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta' anseo feasta)[1] agus Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (dá ngairtear an 'Treoir maidir le hAistrithe' anseo feasta)[2].

Is é is cuspóir don tuarascáil seo ar an gcur chun feidhme staid chur chun feidhme an dá Threoir a chur in iúl don Pharlaimint chun go mbeidh an suí iomlánach in ann teacht ar chonclúidí agus moltaí a dhéanamh maidir leis na bearta nithiúla atá le glacadh, cibé an i dtéarmaí an cur chun feidhme a fheabhsú nó athbhreithnithe reachtacha a mholadh b'fhéidir. Déanfar measúnú sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm an dá Threoir sna Ballstáit, ar a n-éifeacht maidir leis an margadh inmheánach do tháirgí cosanta a oscailt agus Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM) a bhunú, agus a mhéid a rannchuidíonn siad le comhdhlúthú bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB), agus béim ar rannpháirtíocht FBManna.

Bhailigh an rapóirtéir faisnéis ó ceapadh é, agus san obair ullmhúcháin don tuarascáil seo bhí sé ag brath ar fhoinsí, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- malartú tuairimí ar líne le beirt saineolaithe agus leis na scáth-rapóirtéirí, a tionóladh go fíorúil an 23 Meitheamh 2020;

- Staidéar ar chur chun feidhme 'Pacáiste Cosanta AE: An Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta agus an Treoir maidir le hAistrithe laistigh den Chomhphobal' arna dhéanamh ag Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (DG EPRS), staidéar a cuireadh i gcrích mí Mheán Fómhair 2020;

- cruinniú ar an leibhéal teicniúil le DG DEFIS an 15 Iúil 2020.

Ag éirí as na torthaí a bailíodh trí na foinsí sin, shainaithin an rapóirtéir na trí phríomhréimse fócais seo a leanas don tuarascáil seo: go bhfuil sé riachtanach an Pacáiste Cosanta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú níos fearr, na hionchais maidir le Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM) a bhunú, agus eolas a fháil ar leibhéal reatha rannpháirtíocht FBManna i margaí soláthair trealaimh cosanta.

**An Pacáiste Cosanta - réamhrá**

B'iad cuspóirí an dá Threoir — arb iad an 'Pacáiste Cosanta' iad — an margadh inmheánach

[1] IO L 216, 20.8.2009, lch. 76-136.
[2] IO L 146, 10.6.2009, lch. 1-36.

do tháirgí cosanta a oscailt, an soláthar trasteorann a éascú agus bonn tionsclaíoch uile-Aontais a thógáil in earnálacha cosanta agus slándála na hEorpa. Cuireadh moill ar an trasuí agus ar an gcur chun feidhme i gcuid mhaith de na Ballstáit. Chuir an Coimisiún a chéad tuarascáil meastóireachta i gcrích in 2016, agus meas á dhéanamh aige ar na cleachtais chur chun feidhme ó 2009 go 2016. Cé go raibh deacrachtaí ag an gCoimisiún agus ionchur leordhóthanach á bhailiú aige ó na Ballstáit, tháinig sé ar an gconclúid mar sin féin nár ghá aon athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha. Chinn an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an tráth sin gan aon ghníomh a dhéanamh ó thaobh freagra a thabhairt ar an meastóireacht.

**Gá le cur chun feidhme agus forfheidhmiú níos fearr**

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí an dá Threoir a chur chun feidhme níos fearr chun cuspóirí an Phacáiste Cosanta ina n-iomláine a bhaint amach. Fadhb leanúnach áfach an úsáid neamhchothrom a bhaineann na Ballstáit as an dá Threoir agus a laghad a chuireann siad i bhfeidhm iad, scéal atá ag éirí níos measa fós de dheasca COVID-19, Brexit agus gearradh siar ar chaiteachas cosanta sa todhchaí, mar aon le srianta buiséadacha ar thaighde agus forbairt (T&F) agus ar thaighde agus teicneolaíocht (T&T). Is fiú a chur i dtábhacht sa chomhthéacs sin gur thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú, i gcúpla cás. Agus le deireanas, lainseáladh cúig chás um shárú in 2018, agus dhá chás díobh fós ar feitheamh.

*An Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta*

Chun an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cur lena héifeachtúlacht dá réir, agus d’fhonn méadú ar iomaíocht, ar thrédhearcacht agus ar an neamh-idirdhealú ar fud na mBallstát, caithfear an Treoir a chur chun feidhme go héifeachtach. Feictear don Rapóirtéir áfach gurb é an méid seo a leanas an bac bunúsach i gcónaí ar chur chun feidhme iomlán, iomchuí na Treorach sin:

- an úsáid chórasach a bhaineann na Ballstáit as an bhforáil eisiata faoin Treoir, agus faoi Airteagal 346 CFAE, agus nach bhfeictear dóibh ach caingean *ex-post* i gcás dlíthíocht fhéideartha, ainneoin an treoraíocht[3] léirmhínitheach a d’eisigh an Coimisiún. Caithfear a chur i dtábhacht gur thionscain go leor de na Ballstáit, ina gcuid reachtaíochta, nós imeachta sonrach is infheidhme do chonarthaí a chumhdaítear faoi airteagal 346(1)(b) CFAE, ionas gur deacair i gcónaí a mheas cé acu ar baineadh úsáid as an gclásal eisceachta in airteagal 346 chun leasanna riachtanacha slándála náisiúnta a chosaint, cúiseanna a mbeadh dealramh leo, nó d’aon ghnó chun feidhmiú Threoir 2009/81/CE a theorannú. Éiríonn ceisteanna as an méid sin: an gcaithfear aghaidh a thabhairt i gcónaí ar shaincheist na n-eisiamh ó thaobh na reachtaíochta de (chun an úsáid a theorannú) agus ó thaobh gníomhaíocht smachta agus forfheidhmiúcháin ón gCoimisiún;

- an leibhéal neamh-imleor dul i bhfód trasteorann agus rannpháirtíochta ó FBManna i

[3] Fógra ón gCoimisiún maidir le treoraíocht i ndáil le soláthar comhoibritheach i réimsí na cosanta agus na slándála (Treoir 2009/81/CE maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta agus Slándála) (2019/C 157/01), agus fógra ón gCoimisiún maidir le treoraíocht i ndáil le dámhachtain chonarthaí idir-Rialtasacha i réimsí na cosanta agus na slándála (Airteagal 13(f), Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) (2016/C 450/01).

gconarthaí trealaimh cosanta;

- an leibhéal íseal comhair, comhphleanála agus comhthuisceana ar an gcumas cosanta atá riachtanach, agus leibhéal íseal ailínithe maidir le ceannasacht theicneolaíoch agus straitéiseach laistigh den Aontas.

Ba mhaith leis an Rapóirtéir treochtaí dearfacha a chur i dtábhacht freisin maidir le cur chun feidhme forchéimnitheach na Treorach:

- an líon breise fógraí conartha agus fógraí faoi dhámhachtain conarthaí ó na Ballstáit (sonraí ó Tenders Electronic Daily (TED)), rud sách nua i gcomparáid le Treoracha soláthair nach mbaineann le soláthar trealaimh cosanta. Is beag fianaise atá ann ar an méadú sin áfach maidir leis na fógraí trédhearcachta *ex-ante* saorálacha (fógraí VEAT);

- an ráta foilsithe ag méadú (i.e. an cion den soláthar a cuireadh amach ar tairiscint ar bhonn iomaíoch trí TED) ó 8.5% sa tréimhse 2011-2015 go dtí 21.4% sna blianta 2016-2018, i gcomparáid leis an ráta soláthair a cuireadh amach ar tairiscint faoin Treoir ghinearálta, arbh ionann é agus 11,71 % ar meán.

*An Treoir maidir le hAistrithe*

Shainaithin meastóireacht 2016 ón gCoimisiún bacainní ar an Treoir maidir le hAistrithe a bheith á feidhmiú go héifeachtach, mar thoradh ar a trasuí nó a cuid forálacha. Ar na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh bhí siad seo a leanas: nár mhiste cur le glacadh an chreata reachtaigh reatha maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint, infhaighteacht Cheadúnais um Aistriú Ginearálta (GTLanna) a fheabhsú ar fud an Aontais, agus feidhmiú teoranta na scéime deimhniúcháin a chíoradh.

Is cosúil go bhfuil mórfhadhbanna ann mar gheall ar an easpa comhchuibhithe i gcur chun feidhme GTLanna ar fud na mBallstát, an glacadh mall i gcás roghanna nua ceadúnúcháin agus deimhniúcháin, agus leibhéal éagsúil glactha i gcás díolúintí féideartha ó réamhúdarú idir Ballstáit. Cé go bhfuil na féidearthachtaí maidir le díolúintí a thairgtear faoin Treoir ar fad in úsáid ag cuid de na Ballstáit, tá Ballstáit eile nach n-úsáideann ach líon beag díobh agus a thuilleadh nach n-úsáideann iad ar chor ar bith. Thairis sin, is saincheist chasta fós í na haistrithe idir tíortha, saincheist a ghineann ualach riaracháin suntasach i gcónaí. Baineann sé go háirithe le húsáid na gCeadúnas um Aistriú Ginearálta, áit a bhfuil an maorlathas agus éagsúlachtaí leanúnacha idir Ballstáit maidir le honnmhairithe chuig tríú tíortha ina mórbhaic i gcónaí. Creideann an Rapóirtéir i ngeall air sin go gcaithfear feabhsuithe éigin a dhéanamh maidir le comhthuiscint i leith ítimí a mbaineann íogaireacht leo agus ar gá iad a rialú, agus ítimí nach mbaineann.

**Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM) a bhunú**

Níl sa bheartas soláthair ach gné amháin de rún de chuid an Aontais a théann i bhfad siar, mar atá, EDEM a fhorbairt agus éifeachtúlacht agus iomaíochas bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (EDTIB) a áirithiú. Tá neart saincheisteanna gaolmhara eile a d’éirigh an-ábhartha le blianta beaga anuas, lena n-áirítear comhthuiscint ag teacht chun cinn sna Ballstáit ar an ngá le ceannasacht theicneolaíoch agus straitéiseach, an gá le caiteachas breise i réimse na cosanta i gcoitinne agus le hinfheistíocht níos mó i dteicneolaíochtaí agus in

acmhainneachtaí tábhachtacha, mar aon le timpeallacht slándála atá ag athrú go mór. Bheadh mionanailís ar idirghníomhú an Phacáiste Cosanta le tionscnaimh chosanta eile de chuid an Aontais (PESCO, EDF, CARD, EDAP) ina gné bhreise machnaimh a théann thar raon feidhme na tuarascála seo. Ag cur san áireamh a chasta atá margadh na cosanta san Aontas áfach, beidh fíordhúshlán ag baint le EDEM lánfheidhme a bhunú agus beidh beartas soláthair agus tionsclaíoch níos comhleanúnaí de dhíth. Chuige sin, faoi mar a cuireadh i dtábhacht i líon suntasach staidéar, tá an easpa cód dílsithe NACE nó NC, easpa iomlán geall leis, ina bac ar aon iarracht chun éabhlóid struchtúr thionscal cosanta na hEorpa a thomhas. Cheal sonraí den chineál sin tá sé thar a bheith dodhéanta measúnú a dhéanamh ar fhíor-Eorpú na slabhraí luacha cosanta (go háirithe ó táthar á hibridiú go pointe áirithe le slabhraí luacha nach mbaineann le cúrsaí cosanta, amhail leictreonaic) ná ar rochtain trasteorann FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe ar an margadh i réimse an trealaimh cosanta.

Creideann an Rapóirtéir áfach maidir le cuspóirí Threoracha an Phacáiste Cosanta, is é sin iomaíocht, trédhearcacht agus neamh-idirdhealú a chothú sna Ballstáit ar fad, go bhféadfaidh siad rannchuidiú go mór le bunú EDEM agus go bhfuil acmhainneacht EDEM le saothrú go hiomlán i gcónaí.

**Rannpháirtíocht FBManna**

Tugadh achoimre ar na príomhdhúshláin do FBManna i margadh soláthair na hEorpa do threalamh cosanta i moladh (AE) 2018/624 ón gCoimisiún maidir le rochtain trasteorann fo-sholáthróirí agus FBManna ar an margadh in earnáil[4] na cosanta, sa mhalartú tuairimí le saineolaithe a reáchtáladh an 23 Meitheamh 2020 agus trí staidéar EPRS. De bhreis ar na gnáthbhacainní rochtana ar an margadh amhail fad geografach, bacainní teanga agus easpa eolais ar an margadh trasteorann, bíonn deacrachtaí breise riaracháin ann do na FBManna in earnáil na cosanta freisin ó thaobh castacht ar leith a bheith ag baint le doiciméid soláthair in earnáil na cosanta agus scála na dtairiscintí soláthair in earnáil na cosanta, údair imní i gcás slándáil an tsoláthair, castacht na bhforálacha fochonraitheoireachta agus na costais arda deimhniúcháin.

Agus an timpeallacht chasta sin amhlaidh, tá cur chun feidhme Threoracha an Phacáiste Cosanta éagsúil, neamhchothrom ar fud an Aontais i gcónaí, mar a leagtar amach thuas. An sprioc maidir le rannpháirtíocht FBManna a mhéadú – chomh maith leis na spriocanna níos ginearálta ó thaobh an margadh inmheánach a oscailt, feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair agus iomaíochas a fheabhsú – níor baineadh amach í ach go páirteach dá réir sin. Fadhb eile í an easpa staidrimh agus sonraí maidir le rochtain trasteorann FBManna ar mhargadh earnáil na cosanta a thomhas.

Caithfear a thabhairt ar aird freisin, i dtaca leis an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta, nach raibh ach éifeacht theoranta leis na forálacha fochonraitheoireachta faoin treoir sin ar rannpháirtíocht FBManna i margadh soláthair earnáil na cosanta a mhéadú, ó thaobh rochtain ar an margadh a éascú go hindíreach agus slabhraí soláthair a oscailt d'iomaíocht trasteorann bhreise. Cuireann forálacha na Treorach ar chumas na mBallstát oibleagáid a fhorchur ar thairgeoirí a bhuann conradh (príomhchonraitheoirí de ghnáth) codanna den chonradh a chur amach ar thairiscint phoiblí do FBManna agus do fho-sholáthróirí trí nósanna imeachta iomaíocha. Tá an chuma ar an scéal áfach gur úsáid an-íseal atá á baint as forálacha

[4] Moladh (AE) 2018/624 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2018 maidir le rochtain trasteorann fo-sholáthróirí agus FBManna ar an margadh in earnáil na cosanta.

fochonraitheoireachta (níor foilsíodh ach 26 fhógra fochonartha ó 2011), rud a léiríonn a mhí-oiriúnaí atá na forálacha sin do riachtanais na mBallstát agus do chúrsaí tionscail iarbhír araon. Ina theannta sin, níl aon dreasacht sa Treoir chun slabhraí luacha a oscailt. Os a choinne sin, is cosúil gur fearr d'uirlis a bheidh sa Chiste Eorpach Cosanta amach anseo chun na slabhraí luacha sin a struchtúrú ar leibhéal na hEorpa.

Thairis sin, ní tuar dóchais é an measúnú ar bhreisluach na sásraí deimhniúcháin atá ann faoi Airteagal 9 den Treoir maidir le hAistrithe. De réir Chlár na bhFiontar Deimhnithe a bhaineann le Cosaint (CERTIDER), tá líon na bhfiontar deimhnithe sách íseal i gcónaí, 66 chuideachta atá deimhnithe san Aontas ar fad, gan ach 27 de bhreis ar a raibh ann 5 bliana ó shin. Féadfar go bhfuil an scéal amhlaidh mar nach iad FBManna na rannpháirtithe sa mhargadh a gheobhadh buntáiste as deimhniúchán de ghnáth, mar go ndíríonn an próiseas ar fhaighteoirí táirgí a bhaineann le cosaint go príomha, ar nós suimeálaithe córais nó Monaróirí Buntrealaimh (OEManna). Ina theannta sin, tá castacht agus costas an phróisis deimhniúcháin mar dhíspreagadh do FBManna freisin.

**Seasamh an Rapóirtéara**

Measann an Rapóirtéir, agus na dúshláin ar fad a bhaineann le cur chun feidhme Threoracha an Phacáiste Cosanta á gcur san áireamh, go bhféadfar gnéithe áirithe den Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta agus den Treoir maidir le hAistrithe a fheabhsú a thuilleadh, an comhleanúnachas leis an Treoir ghinearálta maidir le Soláthar Poiblí a fheabhsú, mar shampla. Creideann an Rapóirtéir nach gá aon athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoracha sin áfach ón uair go mba leor an creat rialála reatha ach é a chur chun feidhme agus a úsáid i gceart.

Cuireann an Rapóirtéir i dtábhacht, thairis sin, go bhfuil beartas láidir forfheidhmithe riachtanach, agus an Coimisiún ag gníomhú ar bhonn réamhghníomhach agus gan faitíos air roimh nósanna imeachta maidir le sárú a thionscnamh nuair is gá, i gcásanna ina mbeadh na heisiaimh in úsáid go córasach, mar shampla. Measann an Rapóirtéir, má táthar chun beartas láidir forfheidhmithe a bhaint amach, gur den riachtanas é go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar shonraí cáilíochtúla.

Maidir le cur chun feidhme an Phacáiste Cosanta thairis sin, is díol sásaimh don Rapóirtéir obair an Choimisiúin agus creideann sé go mbeidh gá le comhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit amach anseo i gcur chun feidhme na dTreoracha, má táthar chun cuspóirí an Phacáiste Chosanta a bhaint amach.

Tugann an Rapóirtéir dá aire freisin go bhfuil leibhéal rannpháirtíochta FBManna sa mhargadh cosanta íseal i gcónaí. Creideann sé ar an ábhar sin go mba cheart anailís chríochnúil a dhéanamh ar na cúiseanna nach n-éiríonn le FBManna dul isteach go hiomlán sa mhargadh aonair do tháirgí cosanta. Is díol sásaimh dó an obair atá déanta ag an gCoimisiún cheana féin agus cuireann sé i dtábhacht go mba chóir dóibh bearta iomchuí a ghlacadh chun tacú le FBManna.

Cuireann an Rapóirtéir chun suntais ansin, ionas go mbeifear in ann EDEM oscailte a bhaint amach, go mbeidh ar na Ballstáit feabhas a chur ar a gcomhar, ar a muinín fhrithpháirteach, ar a gcomhphleanáil...

Ar deireadh, measann an Rapóirtéir gur tharla neart athruithe a dhéanann difear do Mhargadh

na hEorpa um Threalamh Cosanta ó theacht i bhfeidhm an Phacáiste Cosanta, bunú PESCO mar shampla. I bhfianaise na n-athruithe sin tá sé den tuairim go mba cheart anailís leantach a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Phacáiste Cosanta ar mhaithe le EDEM oscailte a bhaint amach.

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE, maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála, agus Threoir 2009/43/CE, maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint (2019/2204(INI))**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, soláthair agus seirbhíse ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimsí na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE[1] (an 'Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta'),

– ag féachaint do Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal[2] (an 'Treoir maidir le hAistrithe'),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 30 Samhain 2016 dar teideal 'maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/81/CE maidir le soláthar poiblí i réimsí na cosanta agus na slándála, i gcomhlíonadh Airteagal 73(2) den Treoir sin' (COM(2016)0762),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 30 Samhain dar teideal 'Meastóireacht ar Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009, lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal' (COM(2016)0760),

– ag féachaint don fhógra ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016 dar teideal 'Treoraíocht maidir le dámhachtain conarthaí idir rialtais i réimsí na cosanta agus na slándála (Airteagal 13.f de Threoir 2009/81/CE)' (C(2016)7727),

– ag féachaint do Mholadh (AE) 2018/624 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2018 maidir le rochtain trasteorann ar an margadh d'fho-sholáthróirí agus FBManna in earnáil na cosanta[3],

– ag féachaint don fhógra ón gCoimisiún maidir le treoraíocht maidir le soláthar comhoibríteach i réimsí na cosanta agus na slándála (Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta 2009/81/CE (2019/C 157/01)[4],

– ag féachaint don staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS), Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Pacáiste Cosanta AE: An Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta agus an Treoir maidir le hAistrithe, laistigh den Chomhphobal',

[1] IO L 216, 20.8.2009, lch. 76.
[2] IO L 146, 10.6.2009, lch. 1.
[3] IO L 102, 23.4.2018, lch. 87.
[4] IO L 157, 8.5.2019, lch. 1.

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta, mar aon le hAirteagal 1(1)(e) den chinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán an 12 Nollaig 2002 maidir leis an nós imeachta i gcomhair údarú a dheonú chun tuarascálacha féintionscnaimh a tharraingt suas, agus d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gcinneadh sin,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0025/2021),

A. de bhrí go bhféachann an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta le rialacha cothroma trédhearcacha a thabhairt isteach chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag cuideachtaí um chosaint sna Ballstáit ar mhargaí cosanta Ballstát eile;

B. de bhrí go bhfuil rún ag an Treoir maidir le hAistrithe feabhas a chur ar fheidhmiú mhargadh na hEorpa um threalamh cosanta (EDEM), comhtháthú shlabhra soláthair na cosanta san Aontas a chur chun cinn agus slándáil an tsoláthair a fheabhsú, trí na rialacha agus na nósanna imeachta d'aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú;

C. de bhrí go bhfuil rún ag an dá threoir borradh a chur faoin margadh inmheánach do tháirgí a bhaineann le cosaint agus iomaíochas EDEM a neartú;

D. de bhrí go bhfuil gá le treoracha an Phacáiste Cosanta chun comhcultúr Eorpach slándála agus cosanta a fhorbairt tuilleadh, bunaithe ar luachanna agus cuspóirí comhroinnte an Aontais, agus gné shonrach bheartais slándála agus cosanta na mBallstát á n-urramú;

E. de bhrí gur tháinig meastóireacht 2016 ón gCoimisiún ar an gconclúid i ndáil leis an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta, nár baineadh na cuspóirí amach ach go páirteach, sa mhéid gur fhág sí go bhféadfaí iomaíocht, trédhearcacht agus neamh-idirdhealú i margadh soláthair an Aontais do tháirgí cosanta a mhéadú i dtús báire, ach nár mhiste i bhfad níos mó dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh an treoir a bheith in úsáid ar bhealach comhsheasmhach ag na Ballstáit chun na cuspóirí sin a bhaint amach go hiomlán;

F. de bhrí gur dhírigh staidéar EPRS aird ar an éifeacht neamhleor ar Eorpú na slabhraí luacha i ndáil le cosaint a bhain leis an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta;

G. de bhrí gur léirigh meastóireacht 2016 ón gCoimisiún go raibh bacainní móra ag baint le cur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach maidir le hAistrithe ag éirí as difríochtaí sa tslí a ndearnadh í a thrasuí, ionas gur cuireadh i bhfeidhm í go mall nó go neamhiomlán i mBallstáit aonair, go raibh easpa comhchuibhithe i gcoitinne ann ó thaobh ceanglas agus nósanna imeachta ó Bhallstát go chéile, agus coinníollacha agus teorannuithe an-éagsúil sna Ceadúnais um Aistriú Ginearálta (GTLanna) arna bhfoilsiú ag Ballstáit;

H. de bhrí go mbíonn deacrachtaí riaracháin ann d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in earnáil na cosanta freisin, amhail údair imní faoi shlándáil an tsoláthair, castacht na bhforálacha fochonraitheoireachta agus na costais arda deimhniúcháin, de bhreis ar na gnáthbhacainní iontrála sa mhargadh amhail fad geografach, bacainní teanga agus easpa eolais ar an margadh trasteorann;

I. de bhrí go mbíonn dúshláin mhóra roimh FBManna nuair a ghlacann siad páirt i nósanna imeachta soláthair phoiblí;

J. de bhrí gur mórchúis le heaspa rannpháirtíocht FBManna easpa rochtain trasteorann ar shlabhraí soláthair; de bhrí go bhfuil fócas suntasach náisiúnta ag slabhraí soláthair na cosanta, gabhann dúshláin leis sin do FBManna ar mian leo dul isteach i slabhraí soláthair na cosanta i dtíortha eile san Eoraip; de bhrí, thairis sin, nach leanann monaróirí buntrealaimh de bheith ag ligean ar fochonradh ach FBManna a bhfuil caidreamh oibre acu leo cheana féin, i ngeall ar shrianta airgeadais;

K. de bhrí gur gá coincheap cuimsitheach iomlánaíoch a fhorbairt do Mhargadh na hEorpa um Threalamh Cosanta lena nasctar go foirmiúil na gnéithe go léir atá ann cheana amhail an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP), an Réamhbheart maidir le Taighde Cosanta (PADR), an Ciste Eorpach Cosanta (EDF), an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO), an Comhsheasamh maidir le hOnnmhairiú Arm, an Rialachán maidir le Dé-Úsáid, an dá threoir de chuid Phacáiste Cosanta 2009 agus tionscnaimh amach anseo amhail rialacha comhchoiteanna maidir le slándáil an tsoláthair;

L. de bhrí go bhfuil baol ann gan comhleanúnachas beartais agus gan iarracht a bheith á déanamh chun naisc a chruthú idir na gnéithe éagsúla beartais go gcuirfeadh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais le saobhadh margaidh atá ann cheana agus le próisis agus beartais eile in earnáil na cosanta atá thar a bheith neamhéifeachtúil;

***feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí cosanta tríd an bPacáiste Cosanta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú níos fearr***

1. á athdhearbhú go dtacaíonn sí le huaillmhianta na dtreoracha sa Phacáiste Cosanta, a bunaíodh chun comhtháthú breise shlabhra soláthair cosanta AE a chur chun cinn agus muinín fhrithpháirteach agus trédhearcacht idir na Ballstáit, cóir chomhionann agus iomaíochas foriomlán thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú;

2. á chur i bhfáth gur céim chun cinn é cur chun feidhme éifeachtach na dtreoracha i dtreo uaillmhian AE maidir le huathriail straitéiseach agus Aontas Eorpach um Chosaint; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaí, leis na treoracha, beartas cosanta AE a dhéanamh níos comhleanúnaí, agus forbairt thionscail cosanta na hEorpa a chothú, ar choinníoll go mbeadh fís choiteann agus dearcadh straitéiseach comhroinnte ag na Ballstáit maidir le tionscnaimh chosanta na hEorpa;

3. á chur in iúl gurb oth léi ilroinnt leanúnach mhargadh inmheánach an Aontais maidir le táirgí cosanta, rud a bhfuil dúbailtí neamhriachtanacha agus iolrú neamhéifeachtachaí i leith caiteachas cosanta ag na Ballstáit mar thoradh air go fóill;

4. á dhearbhú gur díol sásaimh di cuid de na treochtaí dearfacha a chonacthas i gcur chun feidhme na Treorach maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta, mar atá, méadú ar líon na bhfógraí conartha agus na bhfógraí faoi dhámhachtain conarthaí arna n-eisiúint ag Ballstáit, agus an cion níos mó den soláthar a ndearnadh tairiscint iomaíoch air trí *Tenders Electronic Daily* (TED); á chur i dtábhacht áfach gur lasmuigh den treoir a thabhaítear méid mór den chaiteachas soláthair i gcónaí agus go mbronntar céatadán ollmhór conarthaí go náisiúnta fós; á chur i bhfáth freisin nach furasta do FBManna

rochtain a fháil ar na nósanna imeachta;

5. á chur i bhfios go láidir go bhféadadh an úsáid chórasach a bhaineann na Ballstáit as na forálacha a bhaineann le heisiamh, go háirithe na forálacha sin a leagtar síos in Airteagal 346 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), an bonn a bhaint de chur chun feidhme iomlán iomchuí na treorach;

6. á mheabhrú treoir léirmhínitheach an Choimisiúin maidir leis na coinníollacha faoinar féidir Airteagal 346 de CFAE a agairt i réimse an tsoláthair cosanta, arb é is aidhm dó cosc a chur ar na Ballstáit leas a d'fhéadfadh a bheith ar mhodh mí-úsáideach a bhaint as an bhforáil sin, agus cosc a chur orthu mí-úsáid agus míthuiscint a bhaint aisti. á iarraidh ar na Ballstáit treoir léirmhínitheach an Choimisiúin a leanúint go docht agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar í a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach;

7. á iarraidh go ndéanfaí úsáid cheart a bhaint as díolúintí agus as ceanglais fritháirimh in éadálacha cosanta, lena gcuirtear teorainn le hiomaíocht chóir i Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta, agus go háirithe ar mhaithe le faireachán agus forfheidhmiú níos fearr a dhéanamh ar cheartúsáid na díolúine le haghaidh díolacháin rialtas go rialtas i gcomhréir le fógra treorach 2016 ón gCoimisiún maidir le díolacháin rialtas go rialtas agus le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Soláthar; á iarraidh ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, tuairisciú níos córasaí agus níos cuimsithí ar shonraí comhsheasmhacha, cruinne agus inchomparáide maidir leis an úsáid a bhaineann siad as díolúintí chun grinnscrúdú agus cur chun feidhme threoirlínte ábhartha an Choimisiúin a fheabhsú; á chreidiúint gur cheart don Choimisiún an fhreagracht a ghlacadh air féin maidir le faireachán a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht na n-eisiamh a bhíonn á n-agairt ag na Ballstáit agus conarthaí á ndámhachtain acu lasmuigh de raon feidhme na Treorach maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta, agus nár cheart brath go príomha ar ghearáin a fuarthas ón tionscal; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dlús a chur lena iarrachtaí agus bearta misniúla, réamhghníomhacha a ghlacadh chun mí-úsáid eisceachtaí a chosc agus beartas forfheidhmithe níos teanntásaí a ghlacadh, go háirithe trí éifeachtacht na nósanna imeachta um shárú a áirithiú;

8. den tuairim i gcónaí nár mhiste díriú ar an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus, chun go dtarlódh sé, gur cheart do na Ballstáit a bheith ag díriú ar chóir chothrom, trédhearcacht agus iomaíocht a áirithiú, mar aon le rochtain ar sholáthar poiblí sa réimse sin, agus don Choimisiún a bheith ag díriú ar chomhchaighdeáin tuairiscithe a chur chun feidhme agus treoirlínte agus faisnéis bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le feidhmiú na bhforálacha a leagtar síos sa treoir;

9. á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta a chur chun feidhme i gceart agus á iarraidh orthu siúd a bhfuil tionscal mór seanbhunaithe cosanta acu a bheith ina n-eiseamláir;

10. den tuairim, ionas gur féidir soláthar lúfar atá dírithe ar ardchaighdeáin a chur ar fáil, go bhféadfaí gnéithe de chur chun feidhme na Treorach maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta a fheabhsú, amhail an nós imeachta oscailte, comhpháirtíochtaí nuálaíochta nó nósanna imeachta nua eile dá bhforáiltear i dTreoir 2014/24/CE[5] a bheith in úsáid ag na

[5] IO L 094, 28.3.2014, lch. 65.

Ballstáit, agus á mholadh do na Ballstáit an treoir sin a chur chun feidhme a mhéid is féidir; go láidir den tuairim, áfach, nach gá aon athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta agus ar an Treoir maidir le hAistrithe ag an bpointe seo, mar gur leor an creat rialachais reatha ach é a chur chun feidhme i gceart agus a úsáid agus a fhorfheidmiú go cuí;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtreoracha, a dtrédhearcacht a fheabhsú agus treoir a chur ar fáil do na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach agus go hiomlán agus, dá réir sin, go ndéanfar a gcuspóirí ar fad a bhaint amach, ós rud é go bhféadfadh an easpa cómhalartachta a bheith ina díspreagadh do na Ballstáit ag a bhfuil leibhéal níos airde cur chun feidhme;

12. á tabhairt dá haire i leith na Treorach maidir le hAistrithe go bhfuil an glacadh i gcás uirlisí nua, lena n-áirítear GTLanna, sách íseal i gcomparáid le Ceadúnais Aistrithe Indibhidiúla (ITLanna), ar beartaíodh na huirlisí nua a chur ina n-ionad;

13. á thabhairt dá haire, thairis sin, go raibh an glacadh deimhniúcháin níos ísle agus níos moille ná mar a bhíothas ag súil, agus go bhfuil bacainní fós ar fheidhmiú éifeachtach na treorach mar aon le leibhéil ísle feasachta, i measc FBManna go háirithe, maidir leis na huirlisí a bhfuil fáil orthu faoin treoir agus na deiseanna atá sa mhargadh inmheánach, agus maidir leis an gcóras atá in úsáid ag na Ballstáit ina rialú onnmhairiúcháin, chomh maith leis an easpa comhchuibhithe i gcur chun feidhme GTLanna, agus go bhfeidhmíonn siad mar bhacainní móra ar fheidhmiú éifeachtach na treorach;

14. den tuairim, dá réir sin, maidir leis na príomhchuspóirí sa Treoir maidir le hAistrithe, nár baineadh amach iad ach go páirteach, go háirithe an cuspóir maidir le bealach a réiteach laistigh den mhargadh inmheánach do chúrsaíocht táirgí a bhaineann le cosaint, agus margadh inmheánach éifeachtúil a bheith ann, slándáil soláthair níos fearr agus iomaíochas feabhsaithe;

15. á chur i dtreis a thábhachtaí atá fíormhargadh inmheánach d’aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas, áit arb eol do na húdaráis náisiúnta cé na táirgí atá á n-aistriú agus cé chuige a n-aistreofar iad agus áit a dteorannaítear na húdaruithe onnmhairiúcháin agus na sriantachtaí eile don íosleibhéal a cheanglaítear;

16. á tabhairt dá haire sa chomhthéacs seo an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún lena chuid moltaí maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm GTLanna agus maidir leis na coinníollacha a ghabhann leo;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme na treorach a fheabhsú i mBallstáit aonair trína áitiú go réiteoidh údaráis náisiúnta saincheisteanna atá fós gan réiteach;

18. á iarraidh go ndéanfaí teagmhálacha agus malartuithe a fhorbairt tuilleadh idir na pobail náisiúnta maidir le rialú ar aistriú ar fud an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí atá ann faoi láthair maidir le cleachtais i dtaca le rialú ar aistriú agus an easpa muiníne idir na Ballstáit, mar aon le measúnú a dhéanamh ar cheapadh na bpointí teagmhála náisiúnta uathúla le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le haistrithe laistigh den Aontas;

19. á iarraidh ar na Ballstáit moltaí an Choimisiúin maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm GTLanna agus maidir le coinníollacha GTLanna a chur san áireamh go hiomchuí, agus gan coinníollacha a chur le haistrithe faoi GTLanna, a bheadh ag teacht trasna ar na coinníollacha a liostaítear sna moltaí nó a bhainfeadh an bonn díobh; á chur i bhfios go láidir gur gá aistriúcháin ar rialacháin náisiúnta a bhaineann le ceadúnú aistrithe a chur ar fáil, i mBéarla ar a laghad; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú agus cabhrú go hiomlán leis na Ballstáit agus ceadúnais chomhchuibhithe dhomhanda agus aonair á bhforbairt acu do thionscadail de chuid EDIDP agus EDF;

20. á chur in iúl gur geal léi forálacha na treorach arb é is aidhm leo soláthar comhoibritheach a chothú i réimse na cosanta, agus á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna comhair uile a chuirtear ar fáil leis an treoir de mheon dílis dlúthpháirtíochta, go háirithe faoi EDIDP agus faoi EDF a bheidh ann amach anseo;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún an obair leantach ar na moltaí maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm GTLanna agus maidir le coinníollacha GTLanna a áireamh ina tosaíocht, lena n-áirítear cuimhneamh go bhféadfaí na moltaí a chomhshó ina bhforálacha ceangailteacha, d’fhonn comhchuibhiú comhleanúnach a bheith ina chuspóir uileghabhálach do na blianta le teacht;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit méadú ar a n-iarrachtaí feasacht a chothú maidir le huirlisí agus buntáistí na treorach, i measc FBManna go háirithe;

23. á thabhairt dá haire an Compás Straitéiseach a beartaíodh chun anailís a dhéanamh ar bhagairtí comhchoiteanna; go láidir den tuairim go mba cheart an Pacáiste Cosanta a bheith ar cheann dá bhloic tógála a rannchuideodh leis na beartais rialaithe onnmhairiúcháin;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cáilíocht, trédhearcacht, comhsheasmhacht, agus infhaighteacht sonraí a fheabhsú agus machnamh a dhéanamh ar chóid thiomnaithe aicmithe staidrimh a chruthú chun faireachán ar chur chun feidhme an dá threoir sin a éascú agus grinnscrúdú fóinteach a sholáthar;

25. á thabhairt chun suntais na difríochtaí maidir le rátaí foilsithe fógraí conartha idir na Ballstáit i dtaca le TED; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé inrochtaineacht agus inúsáidteacht bhunachar sonraí ar líne Chlár na bhFiontar Deimhnithe a bhaineann le Cosaint (CERTIDER) a áirithiú, ag cur béim ar an bhfíoras gur gá sonraí maidir le haistrithe laistigh den Aontas a chur ar fáil go córasach, lena n-áirítear sonraí cainníochtúla mar aon le miondealú de réir catagóirí ceadúnais, chun gur fearr a chuirfear gníomhaíochtaí cosanta agus armála san áireamh; ag tabhairt dá haire go gcuireann na héagothromaíochtaí sin leis an easpa sonraí iontaofa agus go bhféadfadh sé cur isteach ar an margadh inmheánach, agus go bhféadfadh an easpa cómhalartachta a bheith ina díspreagadh do na Ballstáit ag a bhfuil leibhéal níos airde cur chun feidhme;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé foirmeacha coiteanna caighdeánaithe riaracháin a bhunú chun ualach riaracháin gnólachtaí a laghdú, go háirithe i gcás FBManna, agus cur chuige Eorpach a fhorbairt maidir le haistriú táirgí a bhaineann leis an gcosaint;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún a bheith láidir agus na treoracha á bhforfheidhmiú aige, lena n-áirítear, trí úsáid níos mó a bhaint as an gceart atá aige, a leagtar síos in Airteagal 258

de CFAE, nósanna imeachta um shárú a thionscnamh; á iarraidh ar an gCoimisiún nósanna imeachta um shárú a thionscnamh in ionad gníomhú amháin i gcás gearáin a fuarthas ón tionscal;

***ilroinnt an mhargaidh a chomhrac agus rannpháirtíocht FBManna a mhéadú***

28. á thabhairt dá haire gur cosúil nach n-éiríonn chomh maith sin le FBManna conarthaí a bhuachan faoin Treoir maidir le Soláthar Trealaimh Cosanta seachas faoi ghnáthsholáthar poiblí an Aontais; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur léir nár bhain údaráis na mBallstát úsáid as forálacha fochonraitheoireachta na treorach ar bhonn struchtúrtha rialta; á shuí go bhfuil Ballstáit ann a bhraitheann go bhfuil na forálacha sin casta agus deacair a úsáid, páirtmhíniú ar thionchar teoranta na treorach, agus gur gá, dá bhrí sin, FBManna a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas sin agus nósanna imeachta a shimpliú;

29. á thabhairt chun suntais go mbreathnaítear ar phróisis deimhniúcháin a bheith costasach, fada agus ró-achrannach, agus dá bhrí sin nach bhfuil siad inrochtana ná tarraingteach do FBManna;

30. á iarraidh ar na Ballstáit an moladh ón gCoimisiún maidir le rochtain trasteorann ar an margadh d’fhosholáthraithe agus do FBManna in earnáil na cosanta a leanúint go córasach, amhail ceanglais maidir le cáilíocht na faisnéise, conarthaí a roinnt ina mbaisceanna nó an t-ualach riaracháin a eascraíonn as an nós imeachta soláthair a mhaolú;

31. den tuairim, dá réir sin, maidir leis an sprioc rannpháirtíocht FBManna a mhéadú, nár gnóthaíodh í ach go páirteach;

32. den tuairim nach raibh tionchar ar bith ag foralácha na treorach maidir le hiomaíocht idir fochonaitheoirí ar rochtain trasteorann na bhfo-sholáthróirí agus na FBManna in earnáil na cosanta, nó má bhí gur tionchar an-teoranta é; á iarraidh ar na Ballstáit a chinntiú go bhforáiltear sna nósanna imeachta inmheánacha do rannpháirtíocht trasteorann FBManna agus simpliú a dhéanamh ar a rochtain ar phróisis tairisceana i réimsí na cosanta agus na slándála;

33. á thabhairt faoi deara go bhfuil baint le dé-úsáid ag roinnt FBManna atá gníomhach i margaí na cosanta, cé go bhfuil go leor díobh fós speisialaithe go sonrach i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint agus, dá bhrí sin, tá siad ag brath go háirithe ar ghnólachtaí míleata agus ar ghnólachtaí a bhaineann leis an gcosaint;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre agus na cúiseanna le heaspa rannpháirtíocht FBManna a scrúdú go críochnúil;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar léarscáil nuashonraithe de shonraí maidir le FBManna ábhartha a chruthú, lena léirítear, agus cosaint sonraí íogaire agus maoin intleachtúil á ráthú, a gcumais thionsclaíocha agus theicneolaíocha agus a fhéadfaidh príomhchonraitheoirí ó Bhallstáit eile rochtain a fháil orthu go poiblí chun FBManna a bhfuil na cumais ábhartha acu is gá do thionscadail shonracha a shainaithint, agus chun uirlisí éifeachtacha eile a mholadh a d’fhéadfadh cur le rannpháirtíocht FBManna sa phróiseas soláthair phoiblí;

36. á iarraidh ar an gCoimisiún rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBMannai

37. den tuairim go bhféadfaí an rochtain trasteorann ar an margadh a fheabhsú go suntasach do FBManna agus d'fho-sholáthróirí in earnálacha na cosanta trí ghníomhaíocht na mBallstát, agus á iarraidh ar na Ballstáit dá réir moltaí an Choimisiúin a chur chun feidhme ar bhealach chomh cuimsitheach agus is féidir;

38. á iarraidh ar na Ballstáit úsáid níos córasaí a bhaint as uirlisí reatha ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, amhail an Líonra Fiontar Eorpach, chun tacú le gníomhaíochtaí trasteorann FBManna;

***margadh oscailte Eorpach a bhaint amach i ndáil le trealamh cosanta***

39. den tuairim go bhfuil sé criticiúil na treoracha a chur chun feidhme níos fearr chun an cuspóir uileghabhálach a ghnóthú, mar atá, feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí cosanta agus rannchuidiú chun EDEM oscailte a bhunú;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú chun an creat reachtaíochta maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint a chur á úsáid níos mó, feabhas a chur ar infhaighteacht GTLanna ar fud an Aontais agus aghaidh á tabhairt ar chur i bhfeidhm teoranta na scéime deimhniúcháin, a fhéadfaidh borradh a chur faoi fhorbairt EDEM agus a chuirfeadh feabhas dá réir ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí cosanta;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí sonracha a dhéanamh a bhfuil mar aidhm acu níos mó muiníne a chothú i measc na mBallstát i réimse na cosanta agus na slándála chun borradh a chur faoina gcomhar agus fíormhargadh aonair a chruthú do tháirgí cosanta;

42. á chreidiúint go gcuirfeadh cur chun feidhme éifeachtach na dtreoracha tuilleadh feabhais ar éifeachtacht na dtionscnamh cosanta a seoladh le blianta beaga anuas, go háirithe PESCO, an tAthbhreithniú Bliantúil ar Chosaint (CARD), EDF, an Plean Forbraíochta athbhreithnithe um Chumas (CDP), a fhéadfaidh borradh a chur faoi chur chuige comhoibríoch i dtaca le cumas cosanta, pleanáil, forbairt, soláthar agus oibriú; á iarraidh ar na Ballstáit borradh a chur faoi EDEM trí mheán an chomhair i gcás tionscadail faoi PESCO agus faoi EDF; ag tabhairt dá haire i ndáil leis seo gur cheart na ceachtanna a foghlaimíodh agus na dea-chleachtais go dtí seo a eascraíonn as cur chun feidhme an Phacáiste Cosanta a chomhroinnt leis na Ballstáit chun leibhéal neamhchothrom a gcur chun feidhme a leigheas;

43. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le léirmhíniú níos comhleanúnaí agus cur chun feidhme níos comhsheasmhaí ar Chomhsheasamh AE maidir le hOnnmhairiú Arm, ina gcuirtear san áireamh na n-ocht gcritéar AE maidir le honnmhairiú arm, chun ilroinnt mhargadh cosanta inmheánach AE a theorannú agus comhsheasmhacht a bheartais eachtraigh a threisiú; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar aon lúb ar lár a d'fhéadfadh a bheith ann idir an Treoir maidir le hAistrithe, an Comhsheasamh nó an Rialachán maidir le Dé-Úsáid;

44. á iarraidh ar na Ballstáit an dea-thoil pholaitiúil a léiriú maidir le héadáil cosanta laistigh den Aontas agus comhar T&F a mhéadú, agus úsáid a bhaint as T&F agus éadálacha comhchosanta chun idir-inoibritheacht idir a gcuid fórsaí míleata a threisiú;

45. á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí breise chun dul i ngleic le bearnaí agus moilleanna leanúnacha ó thaobh na teicneolaíochta agus na nuálaíochta de in EDTIB chun spleáchas méadaitheach na hEorpa ar allmhairí cosanta a laghdú; á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún straitéis maidir le réimeas cuimsitheach uile-Eorpach do shlándáil an tsoláthair a thíolacadh chun margadh iontaofa agus cuimsitheach Eorpach um threalamh cosanta agus earnáil éifeachtúil cosanta a thógáil;

46. á chur i bhfáth nach gcumhdaítear sa Chomhaontú Trádála agus Comhair an comhar cosanta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, agus á mholadh go ndéanfaí anailís iomchuí ar an tionchar a bheidh ag Brexit ar mhargadh AE um threalamh cosanta;

47. den tuairim go bhfuil neart athruithe curtha de ag EDEM ó glacadh an dá threoir; á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise na n-athruithe sin, anailís a dhéanamh ar éifeachtúlacht na n-uirlisí atá ar fáil;

°

° °

48. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

11.12.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE um GHNÓTHAÍ EACHTRACHA:

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar chur chun feidhme Threoir 2009/81/CE, maidir le soláthar i réimsí na cosanta agus na slándála, agus Threoir 2009/43/CE, maidir le haistriú táirgí a bhaineann le cosaint (2019/2204(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Sven Mikser

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á athdhearbhú go dtacaíonn sí le huaillmhianta na dtreoracha sa Phacáiste Cosanta, arna mbunú i gcomhthéacs ghéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch 2008, eadhon comhtháthú breise shlabhra soláthair cosanta AE a chur chun cinn agus muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit mar aon le trédhearcacht, cóir chomhionann agus iomaíochas foriomlán thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú; á mheas go dtabharfaí aghaidh, leis sin, ar na heasnaimh atá ann faoi láthair ó thaobh cumas oibríochtúil cosanta de agus go n-áiritheofaí go bhféadfadh AE brath ar chumais leordhóthanacha agus straitéiseacha, idir-inoibritheacht a mhéadú, caiteachas cosanta a chuíchóiriú agus úsáid níos fearr a bhaint as airgead na gcáiníocóirí trí dhúbláil, ilroinnt agus ró-acmhainneachtaí tionsclaíocha a laghdú agus trí iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) atá láidir, nuálach agus athléimneach a neartú agus Margadh na hEorpa um Threalamh Cosanta (EDEM) a fheidhmíonn go maith, atá iontaofa, oscailte, iomaíoch, nua-aimseartha, láidir agus éifeachtúil a neartú freisin; á chur in iúl go gcreideann sí go láidir nach mór do na Ballstáit a gcumais agus a n-acmhainneachtaí cosanta a fheabhsú agus á mheas gur céim mhór chun cinn é cur chun feidhme éifeachtach na dtreoracha i dtreo uaillmhian AE maidir le huathriail straitéiseach agus Aontas Eorpach um Chosaint, agus lánurraim á tabhairt dá chomhghuaillíochtaí agus dá chomhpháirtithe, agus iad dírithe ar an ngníomhaíocht iltaobhach a neartú agus iad ina ngné riachtanach d'fhorbairt thionscal cosanta na hEorpa, dá shlándáil agus dá acmhainneacht chun é féin a chosaint ar bhagairtí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfios go láidir go bhféadfaí, leis na treoracha, beartas cosanta na hEorpa a dhéanamh níos comhleanúnaí, ar choinníoll go mbeadh fís choiteann agus dearcadh straitéiseach comhroinnte ag na Ballstáit maidir le tionscnaimh chosanta na hEorpa;

2. á thabhairt chun suntais an dul chun cinn ar cuireadh béim air i dtuarascálacha meastóireachta an Choimisiúin ó 2016 agus sa staidéar a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) an 19 Deireadh Fómhair 2020, ina léirítear gur chuidigh an dá threoir leis an margadh inmheánach cosanta a oscailt agus le dul i dtreo chur i gcrích margadh inmheánach le haghaidh earraí agus seirbhísí cosanta, ach gur gá i bhfad níos mó dul chun cinn a dhéanamh; á iarraidh go ndéanfar meastóireachtaí a bheidh níos cothroime le dáta mar gheall ar an easpa sonraí iontaofa, cruinne agus iomlána atá ann maidir le húsáid an dá threoir, lena gcuirtear cosc ar chinnteoirí agus ar na geallsealbhóirí ábhartha measúnú iomlán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus a bheith rannpháirteach i bpróiseas fóinteach chun EDEM éifeachtach, láidir agus nua-aimseartha a chruthú, agus chun bac a chur ar thrédhearcacht agus ar ghrinnscrúdú; ag tathant ar na Ballstáit sonraí ardcháilíochta a ghiniúint maidir le cur chun feidhme an dá threoir agus machnamh a dhéanamh ar chóid thiomnaithe aicmithe staidrimh a chruthú chun éabhlóid struchtúr thionscal cosanta na hEorpa a thomhas agus measúnú a dhéanamh ar Eorpú slabhraí luacha cosanta; á iarraidh ar na Ballstáit an dá threoir a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar a threoirlínte léirmhínitheacha a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go comhsheasmhach agus go hiomlán chun a áirithiú nach gcuirfear i bhfeidhm go míchothrom iad ar fud na mBallstát, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta um shárú; á chur in iúl go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh nasc níos láidre idir an dá threoir agus go ndéanfar an tionscal cosanta a chomhtháthú go hiomlán sa mhargadh inmheánach mar thoradh ar chruthú Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um an Tionscal Cosanta agus an Spás (AS DEFIS), a dtugann a sainordú faireachán agus bainistiú an dá threoir le chéile;

3. á chur in iúl gurb oth léi ilroinnt leanúnach mhargadh cosanta na hEorpa, rud a bhfuil dúbailtí neamhriachtanacha, iolrú tionscadal neamhéifeachtach agus caiteachas cosanta neamhéifeachtach ag na Ballstáit mar thoradh air go fóill; á chur i bhfios go láidir, i bhfianaise an chúlaithe eacnamaíoch a bhfuiltear ag dréim lena eascairt as paindéim COVID-19 agus ar dócha go gcuirfidh sé brú ar bhuiséid chosanta, go bhfuil gá le chomhtháthú níos doimhne a dhéanamh ar an tionscal cosanta ar leibhéal AE; á chreidiúint go gcuirfeadh cur chun feidhme éifeachtach na dtreoracha tuilleadh feabhais ar éifeachtacht na dtionscnamh cosanta a seoladh le blianta beaga anuas, go háirithe an tAthbhreithniú Bliantúil ar Chosaint (CARD), an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) agus an Ciste Eorpach Cosanta (EDF); á chur i bhfios go láidir agus á chur in iúl gurb oth léi, áfach, na ciorruithe suntasacha ar an gcistiú do EDF, don tSaoráid Eorpach um Shíocháin agus don tsoghluaisteacht mhíleata;

4. á chur i bhfios go láidir gur cúis bhuartha di an t-athnáisiúnú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar shlabhraí soláthair, rud a thiocfadh salach ar chuspóirí na dtreoracha; á iarraidh go ndéanfar iarrachtaí breise chun dul i ngleic le bearnaí agus moilleanna leanúnacha ó thaobh na teicneolaíochta agus na nuálaíochta de in EDTIB chun spleáchas méadaitheach na hEorpa ar allmhairí cosanta a laghdú; á chur i bhfáth gur gá don Choimisiún straitéis maidir le réimeas cuimsitheach uile-Eorpach do shlándáil an tsoláthair a thíolacadh chun margadh iontaofa agus cuimsitheach Eorpach um threalamh cosanta agus earnáil éifeachtúil cosanta a thógáil;

5. ag aithint a ábhartha atá an comhar idir AE agus an Ríocht Aontaithe sa tionscal cosanta agus a thábhachtaí atá an comhar atá ann cheana idir na Ballstáit aonair agus an Ríocht Aontaithe;

***Treoir 2009/81/CE maidir le cosaint agus soláthar slándála íogair***

6. á thabhairt chun suntais go mbronntar cion ollmhór conarthaí go náisiúnta fós; á chur in iúl gurb oth léi easpa righin na trédhearcachta agus an leibhéal suntasach teimhneachta a bhaineann le roinnt cleachtais éadála; á chur in iúl gur saoth léi an úsáid fhorleathan a bhaintear as díolúintí agus na ceanglais fritháirimh atá fós ann, a chuireann srian ar an iomaíocht chóir i margadh na hEorpa um threalamh cosanta; á iarraidh go laghdófar an úsáid a bhaintear as díolúintí agus as ceanglais fritháirimh in éadálacha cosanta, lena gcuirfí ar chumas EDTIB forbairt ar bhealach níos tapa agus níos fearr, agus é sin ar cheann de na príomhaidhmeanna straitéiseacha atá leis an dá threoir; á iarraidh go ndéanfadh na Ballstáit tuairisciú níos córasaí agus níos cuimsithí ar shonraí comhsheasmhacha, cruinne agus inchomparáide maidir leis an úsáid a bhaineann siad as díolúintí chun grinnscrúdú agus cur chun feidhme threoirlínte ábhartha an Choimisiúin a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí agus bearta misniúla, réamhghníomhacha a ghlacadh chun mí-úsáid eisceachtaí a chosc agus chun an treoir a fhorfheidhmiú, go háirithe trí éifeachtacht na nósanna imeachta um shárú a áirithiú;

7. ag tabhairt dá haire na difríochtaí idir na Ballstáit maidir le rátaí foilsithe fógraí conartha; á chur i bhfios go bhféadfadh na héagothromaíochtaí sin cur isteach ar an margadh inmheánach agus go bhféadfadh an easpa cómhalartachta a bheith ina díspreagadh do na Ballstáit ag a bhfuil leibhéal níos airde cur chun feidhme;

8. á chur i bhfios gur gá a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm díolúintí a urramú go docht agus, go háirithe, go ndéanfar an mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as Airteagal 346 CFAE a theorannú go docht, go háirithe i bhfianaise réaltacht nua slabhraí soláthair ilnáisiúnta agus na cosanta comhoibrithí ilnáisiúnta, chun trédhearcacht agus comhionannas a mhéadú; á iarraidh ar na Ballstáit treoir léirmhínitheach an Choimisiúin a leanúint go docht maidir leis na coinníollacha faoinar féidir Airteagal 346 a agairt; á iarraidh go ndéanfar cineálacha agus saintréithe na dtáirgí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir díolúintí agus grinnscrúdú a shainiú go soiléir agus go ndéanfar measúnú cúramach ar riachtanas agus comhréireacht na ndíolúintí arna n-agairt ag Ballstáit ar bhonn Airteagal 346, go háirithe nuair a d'fhéadfadh a n-úsáid dochar a dhéanamh d'iomaíochas EDTIB;

9. ag athdhearbhú na rabhadh ó shaineolaithe go mbainfear an bonn de thionscal cosanta na hEorpa agus dá acmhainneacht nuálaíochta teicneolaíche má leanann na Ballstáit dá gcleachtais reatha, ina mbíonn tionscadail chomhoibríocha mar thoradh ar níos lú ná 20 % de sholáthar trealaimh cosanta ar an meán;

10. á chur in iúl gur geal léi forálacha na treorach arb é is aidhm leo soláthar comhoibritheach a chothú i réimse na cosanta, agus á iarraidh ar na Ballstáit leas a bhaint as na deiseanna comhair uile a chuirtear ar fáil leis an treoir de mheon dílis dlúthpháirtíochta, go háirithe faoin gClár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) agus faoi EDF a bheidh ann amach anseo; á mholadh, maidir le mórthionscadail chosanta, atá á reáchtáil faoi láthair ag na Ballstáit ar bhonn déthaobhach nó ilnáisiúnta lasmuigh de chreat thionscnaimh chosanta AE, gur cheart iad a chomhtháthú ann ionas go mbeidh na Ballstáit sin atá toilteanach páirt a ghlacadh sna tionscadail in ann a bheith rannpháirteach go fóinteach iontu, chun a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí comhleanúnach, chun dúbláil a sheachaint ar mhaithe le húsáid níos fearr a bhaint as airgead cáiníocóirí, agus chun breisluach a chur ar fáil ar

bhonn comhsheasmhach don Aontas uile; á iarraidh go mbeidh comhar níos fearr ann trí thionscadail agus éadálacha coiteanna taighde agus forbartha (T&F) a bhaineann leis an gcosaint chun tacú le forbairt EDTIB;

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil rannpháirtíocht FBManna i réimse an tsoláthair cosanta fós íseal; ag spreagadh na mBallstát chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá leis sin, iarracht a dhéanamh na bacainní iontrála ar FBManna agus na castachtaí do FBManna a laghdú, agus an moladh ón gCoimisiún in 2018 maidir le rochtain trasteorann ar an margadh d'fhosholáthraithe agus do FBManna a leanúint go córasach, go háirithe maidir le tairiscintí a aistriú, cláir mhóra soláthair a fhógairt roimh ré, agus iad a roinnt ina mbaisceanna níos lú, fad costas agus amlíne na gclár á gcur san áireamh; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar mapáil, ar mapáil í a bheidh cothrom le dáta agus a ndéanfar fógraíocht fúithi, ar chumais theicneolaíocha FBManna, go háirithe iad siúd atá ag obair ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn nó atá suaiteach, ionas go mbeidh príomhchonraitheoirí i mBallstáit eile in ann FBManna, a bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha acu chun comhthionscadal a sheoladh agus chun iomaíocht chothrom agus oscailte agus rannpháirtíocht níos fearr le FBManna a éasca agus a fheabhsú, a shainaithint, fad tacaíocht á tabhairt do thrédhearcacht mhéadaithe;

***Treoir 2009/43/CE maidir le haistrithe táirgí laistigh de AE a bhaineann le cosaint***

12. á iarraidh ar na Ballstáit toil pholaitiúil iomlán a léiriú maidir lena áirithiú go gcuirfear forálacha Threoir 2009/43/CE chun feidhme go héifeachtach agus go comhchuibhithe agus maidir le méadú a dhéanamh ar éadáil cosanta laistigh den Aontas agus ar chomhar T&F; á iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as T&F agus éadálacha comhchosanta chun idir-inoibritheacht idir a gcuid fórsaí míleata a threisiú; á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun an treoir a chur chun feidhme agus leanúint den idirphlé leis na húdaráis náisiúnta maidir leis an ábhar sin;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht FBManna i dtionscadail trasteorann a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt maidir le huirlisí agus tairbhí na treorach, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna;

14. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le léirmhíniú níos comhleanúnaí agus le cur chun feidhme níos comhsheasmhaí a dhéanamh ar Chomhsheasamh AE maidir le hOnnmhairiú Arm chun ilroinnt mhargadh cosanta inmheánach AE a theorannú agus comhsheasmhacht a bheartais eachtraigh a threisiú; á chur i bhfios go láidir gur thug an Chomhairle dá haire ina conclúidí an 16 Meán Fómhair 2019, gur cheart go mbeadh comhar agus cóineasú níos dlúithe i réimse an rialaithe ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata a bheith ag gabháil le EDTIB a neartú; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar aon lúb ar lár, aon neamhréireachtaí nó aon chontrárthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir Treoir TFC, an Comhsheasamh nó an Rialachán maidir le Dé-Úsáid; á áitiú go bhfuil tábhacht ag baint le hAirteagal 4(8) de Threoir 2009/43/CE a bhreithniú go hiomlán; á chur i bhfáth nach mbeadh gá a thuilleadh le húdarú roimh ré sula ndéanfaí táirgí agus comhpháirteanna a athonnmhairiú dá ndéanfaí an Comhsheasamh a léirmhíniú agus a chur chun feidhme go haonfhoirmeach;

15. ag moladh go ndéanfar anailís iomchuí ar thionchar an dá threoir ar an gcomhar cosanta idir AE agus an Ríocht Aontaithe i ndiaidh Brexit; á iarraidh go ndéanfar forálacha

sonracha a tharraingt suas maidir le comhar sa tionscal cosanta idir AE agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le sainiúlachtaí aon chomhaontaithe ghinearálta a d'fhéadfaí a bhaint amach idir na páirtithe;

16. á chur in iúl gur saoth léi úsáid theoranta ceadúnas um aistriú ginearálta (GTLanna); á iarraidh ar na Ballstáit trédhearcacht a mhéadú trí mholtaí an Choimisiúin maidir le hailíniú raon feidhme agus coinníollacha na dtáirgí a bheidh faoi réir úsáid GTLanna a chur chun feidhme ar bhealach níos críochnúla; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme a mholtaí agus tuarascáil a tharraingt suas ina leith; á chur i bhfios go láidir gur gá do na Ballstáit aistriúcháin ar rialacháin náisiúnta a bhaineann le ceadúnú aistrithe a chur ar fáil; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú agus cabhrú go hiomlán leis na Ballstáit agus ceadúnais chomhchuibhithe dhomhanda agus aonair á bhforbairt acu do thionscadail de chuid EDIDP agus EDF;

17. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé inrochtaineacht agus inúsáidteacht Chlár ar líne na bhFiontar Deimhnithe a bhaineann le Cosaint (CERTIDER) a áirithiú, sonraí mionsonraithe maidir le haistrithe arm laistigh den Aontas a chur ar fáil go córasach, agus machnamh a dhéanamh ar an ngá atá leis an gcreat staidrimh atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta ionas go ndéanfar gníomhaíochtaí cosanta agus armála a chur san áireamh ar bhealach níos fearr, chun go mbeifear in ann grinnscrúdú fóinteach a dhéanamh agus chun measúnú ceart a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2009/43/CE; á iarraidh ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt don Choimisiún gach bliain maidir le húsáid GTLanna agus ceadúnas aonair; á iarraidh ar an gCoimisiún roinn CERTIDER maidir le GTLanna a choimeád cothrom le dáta; á iarraidh ar na Ballstáit, chun na críche sin, an Coimisiún a chur ar an eolas go córasach faoi aon athruithe a dhéantar ar a gcuid GTLanna.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 10.12.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 51<br>–: 10<br>0: 7 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Lars Patrick Berg, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Karol Karski, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Urmas Paet, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Jérôme Rivière, María Soraya Rodríguez Ramos, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andor Deli, Markéta Gregorová, Bart Groothuis |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 51 | + |
|---|---|
| PPE | Traian Băsescu, Michael Gahler, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Lukas Mandl, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Alexander Alexandrov Yordanov, Željana Zovko, Andor Deli |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Claudiu Manda, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| RENEW | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, KLemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Urmas Paet, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans, Bart Groothuis |
| VERTS | Alviina Alametsä, Reinhard Bütikofer, Jordi Solé, Tineke Strik, Thomas Waitz, Salima Yenbou, Markéta Gregorová |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi |

| 10 | - |
|---|---|
| S&D | Dietmar Köster |
| ID | Lars Patrick Berg, Jaak Madison, Thierry Mariani, Jérôme Rivière, Harald Vilimsky |
| ECR | Charlie Weimers |
| GUE | Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz |
| NI | Kostas Papadakis |

| 7 | 0 |
|---|---|
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi |
| ECR | Anna Fotyga, Karol Karski, Jacek Saryusz-Wolski, Hermann Tertsch, Witold Jan Waszczykowski |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 22.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 3<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Carlo Fidanza, Evelyne Gebhardt, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Dan-Ştefan Motreanu, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Maria da Graça Carvalho, Krzysztof Hetman, Sven Mikser, Tsvetelina Penkova, Barbara Thaler, Edina Tóth |

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 22.2.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 3<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, David Cormand, Carlo Fidanza, Evelyne Gebhardt, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Svenja Hahn, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Kateřina Konečná, Andrey Kovatchev, Jean-Lin Lacapelle, Morten Løkkegaard, Adriana Maldonado López, Antonius Manders, Beata Mazurek, Leszek Miller, Dan-Ştefan Motreanu, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marco Zullo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Maria da Graça Carvalho, Krzysztof Hetman, Sven Mikser, Tsvetelina Penkova, Barbara Thaler, Edina Tóth |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 32 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Carlo Fidanza, Eugen Jurzyca, Beata Mazurek |
| NI | Miroslav Radačovský, Marco Zullo |
| PPE | Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Krzysztof Hetman, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Antonius Manders, Dan-Ştefan Motreanu, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Barbara Thaler, Edina Tóth, Tom Vandenkendelaere |
| Renew | Andrus Ansip, Vlad-Marius Botoş, Dita Charanzová, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Morten Løkkegaard |
| S&D | Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria Grapini, Adriana Maldonado López, Sven Mikser, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, Christel Schaldemose |

| 3 | - |
|---|---|
| S&D | Evelyne Gebhardt |
| An Chlé | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Marco Campomenosi, Virginie Joron, Jean-Lin Lacapelle |
| Verts/ALE | Anna Cavazzini, David Cormand, Alexandra Geese, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh